



**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0116(NLE)**

ACP 63
WTO 99
COAFR 121
RELEX 710

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 8412/22 + ADD 1 - COM (2022) 176 final
gCoim.:

Ábhar: Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh

1. An 22 Aibreán 2022 chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh¹.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs an 17 Bealtaine 2022.

¹ 8412/22 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:
- an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí, mar a leagtar amach in 9199/22 + ADD 1 iad, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur orthu;
 - a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil;
 - a iarraidh go bhfoilseofaí Cinneadh Choiste an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche, tráth a ghlacfar é, san Iris Oifigiúil;
 - Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.